Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/0550(COD)

29.6.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár ‘AgoraEU’ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818
(COM(2025)0550 – C10-0173/2025 – 2025/0550(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Mélissa Camara

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Beidh Clár AgoraEU ar cheann de phríomhionstraimí airgeadais an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2028-2034 i réimsí an daonlathais, na gceart bunúsach agus an chomhionannais. Is cúis imní é go bhfuil an smacht reachta ag titim siar agus go bhfuil méadú ag teacht ar na dúshláin atá roimh chearta na mban, daoine LADTIA agus mionlaigh i roinnt Ballstát.

Ní prionsabail dhearbhaitheacha amháin iad na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach — dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine. Forchuirtear leo oibleagáidí nithiúla ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit. Is léiriú iad na hionsaithe leantacha ar chearta gnéis agus atáirgthe, stiogmatú daoine LADTIA, rolladh siar na mbeartas comhionannais agus laghdú an spáis shibhialta ar chúlú daonlathach níos leithne lena lagaítear an tionscadal Eorpach ina iomláine.

Sa chomhthéacs sin, tá ról ríthábhachtach frithchothromaithe ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tacaíonn siad le híospartaigh an leithcheala agus an fhoréigin, áirithíonn siad rochtain ar chearta, glacann siad páirt i ndlíthíocht straitéiseach, rannchuidíonn siad le díospóireacht phoiblí agus déanann siad faireachán ar chomhlíonadh dhlí an Aontais. Is minic a bhíonn eagraíochtaí feimineacha, frithchiníocha agus LADTIA sa líne thosaigh. Dírítear níos mó agus níos mó orthu freisin le brú polaitiúil, feachtais dídhlisteanaithe, srianta dlíthiúla agus ciorruithe cistiúcháin.

Leagtar béim sa tuairim freisin ar a thábhachtaí atá sé oidhreacht na gclár atá ann cheana a chaomhnú agus a neartú, go háirithe an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) agus an tsnáithe arb sin í Daphne atá aige atá dírithe ar fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac. Tá ról ríthábhachtach ag na hionstraimí sin maidir le tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, tacaíocht d'íospartaigh a fheabhsú agus iarrachtaí an Aontais a chur chun cinn chun foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac. Dá bhrí sin, le comhtháthú na n-ionstraimí sin laistigh de AgoraEU, ní mór leanúnachas, acmhainní leormhaithe agus tiomantas polaitiúil soiléir a áirithiú chun an comhrac i gcoinne an fhoréigin inscnebhunaithe a chothú agus a threisiú ar fud an Aontais.

Dá bhrí sin, is luamhán cinntitheach é cistiú ón Aontas chun an spás sibhialta a chaomhnú agus chun cosaint éifeachtach na gceart bunúsach a áirithiú. Níor cheart, in imthosca ar bith, go ndéanfaí tosaíochtaí a bhaineann le comhionannas agus cearta bunúsacha a chaolú mar thoradh ar chomhdhlúthú na n-ionstraimí atá ann cheana faoi AgoraEU. Is ionann an caolú sin, *de facto*, agus tacú le creimeadh na gceart bunúsach laistigh den Aontas.

Dá bhrí sin, i gclár a bheidh comhleanúnach agus inchreidte, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh:

- comhionannas inscne a aithint go sainráite, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a bhaint amach go hiomlán, mar chuspóir struchtúraithe;

- deontais oibriúcháin intuartha agus ilbhliantúla a ráthú chun neamhspleáchas eagraíochtaí na sochaí sibhialta a áirithiú;

- inrochtaineacht éifeachtach ar chistiú a áirithiú do ghníomhaithe an phobail, go háirithe i dtimpeallachtaí ina bhfuil srian ar an spás sibhialta;

- cur chuige trasnach a chomhtháthú chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha iomadúla forluiteacha idirdhealaithe.

Braitheann creidiúnacht an Aontais Eorpaigh ar an leibhéal idirnáisiúnta i réimse chearta an duine ar a chumas seasamh leis na cearta céanna sin laistigh dá theorainneacha féin. Ní féidir leis comhionannas agus an smacht reachta a chur chun cinn go seachtrach agus, ag an am céanna, na hionstraimí lena gcosnaítear iad go hinmheánach a lagú.

Dá bhrí sin, ní mór AgoraEU a cheapadh mar ionstraim comhdhlúthaithe dhaonlathaigh. Sa chomhthéacs reatha, ní chosnaíonn débhríocht an tAontas — nochtann sé é. Is riachtanas dlíthiúil, polaitiúil agus daonlathach é go ndearbhófar go soiléir cosaint an chomhionannais agus an spáis shibhialta.

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne an méid seo a leanas faoi bhráid an Choiste um Chultúr agus um Oideachas agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar na coistí atá freagrach:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) De bhun Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar comhluachanna ag na Ballstáit iad i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir (‘luachanna an Aontais’). Léirítear luachanna an Aontais sna cearta, sna saoirsí agus sna prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’). Le	(1) De bhun Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar comhluachanna ag na Ballstáit iad i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir (‘luachanna an Aontais’). Léirítear luachanna an Aontais sna cearta, sna saoirsí agus sna prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) ***agus sna***

hAirteagal 3 CAE, tugtar sainordú breise don Aontas cosaint chearta an linbh a chur chun cinn. Luaitear thairis sin in Airteagal 10 CAE go mbeidh feidhmiú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch, go ndéantar ionadaíocht dhíreach do na saoránaigh ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa agus go bhfuil sé de cheart ag na saoránaigh a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Le hAirteagal 20 bunaítear saoránacht an Aontais agus leagtar amach na cearta tábhachtacha a theachtfaidh, inter alia, saoránaigh an Aontais.

Conarthaí. Le hAirteagal 3 CAE, tugtar sainordú breise don Aontas cosaint chearta an linbh a chur chun cinn. Luaitear thairis sin in Airteagal 10 CAE go mbeidh feidhmiú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch, go ndéantar ionadaíocht dhíreach do na saoránaigh ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa agus go bhfuil sé de cheart ag na saoránaigh a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Le hAirteagal 20 ***CFAE*** bunaítear saoránacht an Aontais agus leagtar amach na cearta tábhachtacha a theachtfaidh, *inter alia*, saoránaigh an Aontais.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is comhpháirteanna ríthábhachtacha d'Aontas atá saor, cothrom, éagsúil, ionchuimsitheach agus comhtháite iad uile an cultúr agus na meáin, agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a urramú. Tá rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach, agus urraim chuí á tabhairt do luachanna an Aontais, mar bhonn faoi shaol daonlathach an Aontais, agus tá ról ríthábhachtach ag na meáin maidir le tuairimí an phobail agus díospóireacht shaor a mhúnlú. Tá saothair chlosamhairc agus gach cineál léirithe chultúrtha agus chruthaithigh eile, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha, fíor-riachtanach d'éagsúlacht na hEorpa agus chun athléimneacht shochaíoch agus comhthuiscint a chothú i measc shaoránaigh agus phobail na hEorpa.	(2) Is comhpháirteanna ríthábhachtacha d'Aontas atá saor, cothrom, éagsúil, ionchuimsitheach agus ***comhionann ó thaobh inscne de*** comhtháite iad uile an cultúr agus na meáin, agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a urramú. Tá rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach, agus urraim chuí á tabhairt do luachanna an Aontais, mar bhonn faoi shaol daonlathach an Aontais, agus tá ról ríthábhachtach ag na meáin maidir le tuairimí an phobail, ***luachanna sochaíocha atá nasctha le cearta bunúsacha agus díospóireacht shaor a*** mhúnlú. ***Ina leith sin, tá sé tábhachtach láithreacht agus ionadaíocht chothrom na mban agus na bhfear sna meáin agus sa dioscúrsa poiblí a áirithiú agus a fheabhsú, agus mná agus cailíní a áireamh go hiomlán, ar mná agus cailíní iad a bhfuil bacainní fós rompu maidir le rannpháirtíocht chomhionann i saol daonlathach, cultúrtha agus meán.*** Tá saothair chlosamhairc agus gach cineál léirithe chultúrtha agus chruthaithigh eile, lena

n-áirítear an oidhreacht chultúrtha, fíor-riachtanach d'éagsúlacht na hEorpa agus chun athléimneacht shochaíoch agus comhthuiscint a chothú i measc shaoránaigh agus phobail na hEorpa***, agus chun deiseanna a chruthú chun comhionannas inscne, neamh-idirdhealú agus cearta na mban a chur chun cinn***.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Leis an gClár 'AgoraEU' (an 'Clár') soláthrófar rannchuidiú mór leis na cuspóirí, na cearta agus na luachanna sin a bhaint amach agus a fhíorú.	(3) Cuirfidh Clár 'AgoraEU' ('an Clár') go mór leis na cuspóirí, na cearta agus na luachanna sin a bhaint amach agus a bhaint amach, ***lena n-áirítear trí chomhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn ar fud gach snáithe den Chlár***.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ba cheart an Clár a theacht i gcomharbacht ar an gClár Eoraip na Cruthaitheachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Leis sin ba cheart gníomhaíochtaí cistiúcháin éagsúla a chuíchóiriú mar thaca le saoirse agus iolrachas na meán, an bhréagaisnéis a chomhrac chun tacú le faisnéis maidir le gnóthaí an Aontais a sholáthar. Tá na meáin shaora iolraíocha agus an tsochaí shibhialta shaor iolraíoch i measc	(4) Ba cheart go dtiocfadh an Clár i gcomharbacht ar Chlár Eoraip na Cruthaitheachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus ar an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Leis sin ba cheart gníomhaíochtaí cistiúcháin éagsúla a chuíchóiriú mar thaca le saoirse agus iolrachas na meán, an bhréagaisnéis a chomhrac chun tacú le faisnéis maidir le gnóthaí an Aontais a sholáthar. Tá na meáin shaora iolraíocha agus an tsochaí shibhialta shaor iolraíoch i measc

phríomhfhorais faire chórais dhaonlathacha an Aontais, tá ról ríthábhachtach acu maidir le hathléimneacht dhaonlathach, agus ba cheart tacú leo. Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le hearnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na meán, ba cheart leas a bhaint as cumhacht an chultúir agus na héagsúlachta cultúrtha leis, ba cheart an spás faisnéise a fheabhsú leis, agus ba cheart é a bheith ina thaca le hiarrachtaí an Aontais chun sochaí atá bunaithe ar chearta, agus atá ionchuimsitheach, comhionann agus daonlathach, a neartú. Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh an Chláir 'AgoraEU'. Chun críoch an Rialacháin seo, déantar praghsanna reatha a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.

phríomhfhorais faire chórais dhaonlathacha an Aontais, tá ról ríthábhachtach acu maidir le hathléimneacht dhaonlathach, agus ba cheart tacú leo. Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le hearnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na meán, ba cheart leas a bhaint as cumhacht an chultúir agus na héagsúlachta cultúrtha leis, ba cheart an spás faisnéise a fheabhsú leis, agus ba cheart é a bheith ina thaca le hiarrachtaí an Aontais chun sochaí atá bunaithe ar chearta, agus atá ionchuimsitheach, comhionann***, comhionann ó thaobh inscne*** de agus daonlathach, a neartú. ***Ba cheart leis rannchuidiú go gníomhach leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le steiréitíopaí inscne in ábhar cultúrtha, cruthaitheach agus meán, trí chomhionannas deiseanna a chur chun cinn do mhná in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, trí insintí lena gcuirtear i gcoinne an chomhionannais inscne agus na bréagaisnéise inscnebhunaithe, chomh maith le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, ar líne agus as líne. Tá na meáin shaora iolraíocha agus an tsochaí shibhialta shaor iolraíoch i measc phríomhfhorais faire chórais dhaonlathacha an Aontais, tá ról ríthábhachtach acu maidir le hathléimneacht dhaonlathach, agus dá bhrí sin ba cheart tacú leo. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar eagraíochtaí um chearta na mban agus ar eagraíochtaí pobail, i bhfianaise an róil lárnaigh atá acu maidir le comhionannas a chur chun cinn, cearta a chosaint agus athléimneacht dhaonlathach a neartú.*** [Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh an Chláir 'AgoraEU'[5]. Chun críoch an Rialacháin seo, déantar praghsanna reatha a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.

[3] Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/818/oj).

[4] Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/692/oj).

[5] I gcás inarb ábhartha, leis an tacaíocht a sholáthraítear leis an gClár, cuirfear dlús le hinfheistíochtaí nó cuirfear borradh fúthu trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, agus dúbláil nó plódú á seachaint, agus trí chistiú príobháideach a dhreasú, agus beidh breisluach Aontais ag baint léi.

[3] Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/818/oj).

[4] Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/692/oj).

[5] I gcás inarb ábhartha, leis an tacaíocht a sholáthraítear leis an gClár, cuirfear dlús le hinfheistíochtaí nó cuirfear borradh fúthu trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, agus dúbláil nó plódú á seachaint, agus trí chistiú príobháideach a dhreasú, agus beidh breisluach Aontais ag baint léi.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun bheith éifeachtach, leis an gClár ba cheart cineál sonrach agus dúshláin na réimsí beartais agus na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh, mar aon lena spriocghrúpaí éagsúla agus lena riachtanais ar leith trí chuir chuige spriocdhírithe.	(5) Chun bheith éifeachtach, leis an gClár ba cheart cineál sonrach agus dúshláin na réimsí beartais agus na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh, mar aon lena spriocghrúpaí éagsúla agus lena riachtanais ar leith trí chuir chuige spriocdhírithe***, lena n-áirítear cur chuige príomhshruthaithe inscne***.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus lena chláir. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Chláir 'AgoraEU', leis an gcistiú tabharfar aird chuí ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú an tráth céanna le haghaidh an chur chun feidhme.	(6) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus lena chláir. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Chláir 'AgoraEU', leis an gcistiú tabharfar aird chuí ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú an tráth céanna le haghaidh an chur chun feidhme. ***Cuirfear an cistiú i leataobh chun leithdháiltí airgeadais intuartha agus leordhóthanacha a sholáthar atá dírithe ar réimsí amhail foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus cearta na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn, ós rud é gur bunchlocha de shochaithe daonlathacha iad. Cuirfear cistiú i leataobh chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe na heagraíochtaí sin atá ag obair chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun foréigean inscnebhunaithe agus foréigean ar líne a chomhrac. Ba cheart prionsabail an phríomhshruthaithe inscne a bheith mar threoir ag cur chun feidhme an Chláir freisin, lena n-áiritheofar go gcuirfear comhionannas inscne chun cinn ar fud na snáitheanna agus na ngníomhaíochtaí uile.***

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Mar sin féin, tá earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ilroinnte ar bhonn náisiúnta agus teanga san Aontas. Tá dúshláin iomadúla rompu freisin, amhail ionsaithe ar shaoirse an léirithe ealaíonta, dálaí oibre forbhásacha, claochluithe digiteacha le méadú na hintleachta saorga, ***agus*** an gá atá le hoiriúnú don athrú aeráide. Ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú leis na hearnálacha sin chun freagairt do na dúshláin sin, leas a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán agus iad féin a chur chun cinn go diongbháilte amach anseo agus an rannpháirtíocht is leithne á háirithiú, lena n-áirítear ó ghníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha, trí bhealaí agus formáidí éagsúla.	(8) Mar sin féin, tá earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ilroinnte ar bhonn náisiúnta agus teanga san Aontas. Tá dúshláin iomadúla rompu freisin, amhail ionsaithe ar shaoirse an léirithe ealaíonta, dálaí oibre forbhásacha, claochluithe digiteacha le teacht chun cinn na hintleachta saorga, an gá atá le hoiriúnú don athrú aeráide ***agus neamhionannais inscne struchtúracha a chomhrac.*** Ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú leis na hearnálacha sin chun freagairt do na dúshláin sin, leas a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán agus iad féin a chur chun cinn go diongbháilte amach anseo agus an rannpháirtíocht is leithne á háirithiú, lena n-áirítear ó ghníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha, trí bhealaí agus formáidí éagsúla.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Is oidhreacht chomhroinnte ríluachmhar í oidhreacht chultúrtha na hEorpa ach tá srianta buiséid, tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dheasca an duine, an t-athrú aeráide agus coinbhleachtaí réigiúnacha le sárú aici. Tá sé tábhachtach an oidhreacht sin a chosaint agus a chaomhnú, agus rochtain á feabhsú agus féiniúlacht Eorpach chomhchoiteann á cothú. Leis an gcaomhnú digiteach, áirithítear thairis sin gur féidir leis na glúnta atá le teacht foghlaim óna n-oidhreacht chultúrtha, tuiscint a fháil uirthi agus inspioráid a bhaint aisti.	(9) Is oidhreacht chomhroinnte ríluachmhar í oidhreacht chultúrtha na hEorpa ach tá srianta buiséid, tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dheasca an duine, an t-athrú aeráide agus coinbhleachtaí réigiúnacha le sárú aici. Tá sé tábhachtach an oidhreacht sin a choimirciú agus a chaomhnú, rochtain a fheabhsú agus féiniúlacht chomhchoiteann Eorpach a chothú ***bunaithe ar luachanna bunaidh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE***. Leis an gcaomhnú digiteach, áirithítear thairis sin gur féidir leis na glúnta atá le teacht foghlaim óna n-oidhreacht chultúrtha, tuiscint a fháil uirthi agus inspioráid a bhaint aisti.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Tá seasamh uathúil ag earnálacha meán na hEorpa inár ndaonlathais, inár gcultúr agus inár ngeilleagair. Cuimsíonn siad, inter alia, ábhar amhail scannáin, sraitheanna, físchluichí, nuacht agus faisnéis, réaltacht thumthach agus ilmheáin, chomh maith le seirbhísí lena n-áirítear taispeántais amharclainne, craoltóireacht teilifíse agus raidió, foilsitheoireacht chlóite agus ar líne, fógraíocht físeán agus podchraoltaí ar líne. Leis an gclaochlú digiteach, go háirithe méadú na hintleachta saorga, cuireadh dlús le cóineasú na meán, athraíodh iompraíocht tomhaltóirí, cuireadh isteach ar shamhlacha gnó agus ioncaim, chomh maith le bainistiú agus saothrú maoine intleachtúla. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas cuidiú le rath na meán san Aontas, nuálaíocht agus rochtain ar mhaoiniú a chothú, crostoirchiú idir earnálacha na nuachta agus an chlosamhairc agus earnálacha meán eile a chur chun cinn, agus tacú leis an gcomhar idir cineálacha éagsúla eintiteas meán ar fud an Aontais.	(11) Tá seasamh uathúil ag earnálacha meán na hEorpa inár ndaonlathais, inár gcultúr agus inár ngeilleagair. Cuimsíonn siad, *inter alia*, ábhar amhail scannáin, sraitheanna, físchluichí, nuacht agus faisnéis, réaltacht thumthach agus ilmheáin, chomh maith le seirbhísí lena n-áirítear taispeántais amharclainne, craoltóireacht teilifíse agus raidió, foilsitheoireacht chlóite agus ar líne, fógraíocht físeán agus podchraoltaí ar líne. Leis an gclaochlú digiteach, go háirithe méadú na hintleachta saorga, cuireadh dlús le cóineasú na meán, athraíodh iompraíocht tomhaltóirí, cuireadh isteach ar shamhlacha gnó agus ioncaim, chomh maith le bainistiú agus saothrú maoine intleachtúla. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas cuidiú le rath na meán san Aontas, nuálaíocht agus rochtain ar mhaoiniú a chothú, crostoirchiú idir earnálacha na nuachta agus an chlosamhairc agus earnálacha meán eile a chur chun cinn, agus tacú leis an gcomhar idir cineálacha éagsúla eintiteas meán ar fud an Aontais ***agus, ag an am céanna, tacú le luachanna atá bunaithe ar fhrith-idirdhealú agus ar chomhionannas a chur chun cinn trí na gníomhaíochtaí sin***. ***D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin freisin comhionannas inscne agus fiontraíocht na mban, rochtain ar mhaoiniú, líonraí agus deiseanna gnó a chur chun cinn laistigh den earnáil sin.***

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Tá eagraíochtaí meán nuachta agus iriseoirí ar fud an Aontais faoi bhrú	(13) Tá eagraíochtaí meán nuachta agus iriseoirí ar fud an Aontais faoi bhrú

méadaithe, go háirithe de dheasca an mhéadaithe atá tagtha ar ardáin dhomhanda ar líne, nósanna tomhaltais athraitheacha agus scaipeadh méadaitheach na bréagaisnéise. Bíonn tionchar ag na dúshláin sin ar ioncam agus dáileadh nuachta, rud a bhaineann an bonn d'inmharthanacht agus iontaoibh an phobail in eagraíochtaí meán nuachta agus a chuireann teorainn le rochtain na saoránach ar ábhar iriseoireachta Eorpach atá éagsúil agus a tháirgtear go gairmiúil. Ba cheart don Aontas tacú le héiceachóras faisnéise inmharthana, neamhspleách agus éagsúil, iriseoirí atá faoi bhagairt a chosaint, saoirse agus iolrachas na meán a chur chun cinn, agus sláine an spáis faisnéise a threisiú, trí bhearta a chur chun cinn agus comhar a fheabhsú a bhfuil sé d'aidhm acu dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus tacú le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach agus litearthacht na meán le haghaidh daoine óga.

méadaithe, go háirithe de dheasca an mhéadaithe atá tagtha ar ardáin dhomhanda ar líne, nósanna tomhaltais athraitheacha agus scaipeadh méadaitheach na bréagaisnéise. Bíonn tionchar ag na dúshláin sin ar ioncam agus dáileadh nuachta, rud a bhaineann an bonn d'inmharthanacht agus iontaoibh an phobail in eagraíochtaí meán nuachta agus a chuireann teorainn le rochtain na saoránach ar ábhar iriseoireachta Eorpach atá éagsúil agus a tháirgtear go gairmiúil. Ba cheart don Aontas tacú le héiceachóras faisnéise inmharthana, neamhspleách agus éagsúil, iriseoirí atá faoi bhagairt a chosaint, saoirse agus iolrachas na meán a chur chun cinn, agus sláine an spáis faisnéise a threisiú, trí bhearta a chur chun cinn agus comhar a fheabhsú a bhfuil sé d'aidhm acu dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus ***leis an mbréagaisnéis inscnebhunaithe*** agus tacú le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach agus litearthacht na meán le haghaidh daoine óga. ***Ba cheart do ghníomhaíochtaí in earnálacha na meán agus an chultúir comhdheiseanna, éagsúlacht agus ionadaíocht chothrom na mban agus na bhfear a chur chun cinn, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne.***

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Le cosaint agus cur chun cinn ceart bunúsach, rannchuidítear le hAontas atá níos daonlathaí a thógáil. Is croíphrionsabal de chuid an Aontais é an neamh-idirdhealú a chumhdaítear in Airteagal 19 CFAE agus in Airteagal 21 den Chairt. Trí oibriú i dtreo sochaí atá cothrom agus saor ó idirdhealú,	(15) Le cosaint agus cur chun cinn ceart bunúsach, rannchuidítear le hAontas atá níos daonlathaí a thógáil. Is croíphrionsabal de chuid an Aontais é an neamh-idirdhealú a chumhdaítear in Airteagal 19 CFAE agus in Airteagal 21 den Chairt. Trí oibriú i dtreo sochaí atá cothrom agus saor ó idirdhealú,

rannchuidítear le leas a bhaint as acmhainneacht daoine aonair ina n-éagsúlacht agus le fás cultúrtha, eacnamaíoch agus sóisialta. Tá an méid sin ina chuidiú freisin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna tábhachtacha an fhoréigin in aghaidh ***grúpaí*** leochaileacha, rud atá ina ionsaí díreach ar an gcomhionannas dá réir sin. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál idirdhealaithe agus éadulaingthe, is é sin idirdhealú díreach agus indíreach, agus aird á tabhairt ar na cineálacha sonracha idirdhealaithe struchtúraigh agus thrasnaigh, d'fhonn tacú le creataí beartais ábhartha an Aontais. Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí chun an méid seo a leanas a chosc agus a chomhrac: gach cineál seineafóibe agus ciníochais, frithsheimíteachais agus fuatha fhrith-Mhoslamaigh, homafóibe, défhóibe, trasfhóibe, idirfhóibe, éadulaingthe agus idirdhealaithe bunaithe ar fhéiniúlacht inscne, éadulaingthe i leith daoine ar de mhionlaigh iad lena n-áirítear na Romaigh, chomh maith le fuathchaint. Ba cheart an Clár a bheith ina rannchuidiú freisin lena chur ar a chumas don Aontas an gealltanas a tugadh mar Pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a glacadh an 13 Nollaig 2006[6] a chur i gcrích chun teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú i gcás gach duine faoi mhíchumas.

rannchuidítear le leas a bhaint as acmhainneacht daoine aonair ina n-éagsúlacht agus le fás cultúrtha, eacnamaíoch agus sóisialta. Tá an méid sin ina chuidiú freisin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna tábhachtacha an fhoréigin in aghaidh ***grúpaí i gcásanna*** leochaileacha, rud atá ina ionsaí díreach ar chomhionannas dá réir. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál idirdhealaithe agus éadulaingthe, is é sin idirdhealú díreach agus indíreach, agus aird á tabhairt ar na cineálacha sonracha idirdhealaithe struchtúraigh agus thrasnaigh, d'fhonn tacú le creataí beartais ábhartha an Aontais. Ba cheart an Clár***, ar fud a ghníomhaíochtaí uile,*** a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí chun an méid seo a leanas a chosc agus a chomhrac: gach cineál seineafóibe agus ciníochais, frithsheimíteachais agus fuatha fhrith-Mhoslamaigh, homafóibe, ***leispiafóibe,*** défhóibe, trasfhóibe, idirfhóibe, éadulaingthe agus idirdhealaithe bunaithe ar fhéiniúlacht inscne ***agus ar shaintréithe gnéis a chosc, agus*** éadulaingthe i leith daoine ar de mhionlaigh iad lena n-áirítear na Romaigh, chomh maith le fuathchaint. Ba cheart an Clár a bheith ina rannchuidiú freisin lena chur ar a chumas don Aontas an gealltanas a tugadh mar Pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a glacadh an 13 Nollaig 2006[6] a chur i gcrích chun teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú i gcás gach duine faoi mhíchumas. ***Ba cheart go n-áiritheofaí freisin leis an gClár idirphlé struchtúrtha agus leanúnach le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair ar son an chomhionannais inscne agus chearta LADTIA.***

[6] IO L 23, 27.01.2010, lgh. 35–36

[6] IO L 23, 27.01.2010, lgh. 35–36

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Cheart bunúsach agus cuspóir de chuid an Aontais is ea an comhionannas inscne agus ba cheart an Clár a bheith ina ***thaca*** leis sin. D'ainneoin ***roinnt mhaith éachtaí, tá dúshláin mhóra fós ann nach*** mór tiomantas ***an Aontais a threisiú ina leith***. Áirítear leis sin oibriú i dtreo saoirse ó fhoréigean inscnebhunaithe, na caighdeáin sláinte is airde, lena n-áirítear go háirithe sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe, pá comhionann agus cumhachtú eacnamaíoch, cothromaíocht oibre is saoil agus cúram, fostaíocht, deiseanna gairme agus dálaí oibre comhionanna, oideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach, rannpháirtíocht pholaitiúil agus ionadaíocht chomhionann, sásraí institiúideacha lena dtacaítear le cearta na mban, lena dtéitear i ngleic go gníomhach le steiréitíopaí inscne agus lena dtugtar aghaidh ar idirdhealú trasnach.	(17) Ceart bunúsach agus ***príomhchuspóir*** de chuid an Aontais is ea an comhionannas inscne. ***Dá bhrí sin, is cúram lárnach de chuid an Aontais é comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile agus is spreagadh é don chomhtháthú sóisialta, agus ba cheart é a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE ar fud gach snáithe den Chlár.*** D'ainneoin ***an dul chun cinn atá déanta, tá gá le tiomantas treisithe marthanach ar leibhéal an Aontais le haghaidh neamhionannais struchtúracha leanúnacha, steiréitíopaí inscne, éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus frithfhreagairt chomhordaithe in aghaidh chearta na mban agus cearta LADTIA. Leis an Treochlár um Chearta na mBan agus leis an Dearbhú prionsabal le haghaidh sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de, a ghlac an Coimisiún in 2025, éilítear cur chun feidhme nithiúil trí bheartais éifeachtacha agus tacaíocht airgeadais leormhaith.*** Áirítear leis sin oibriú i dtreo saoirse ó fhoréigean inscnebhunaithe, ***ar líne agus as líne, teachtadh iomlán chearta na mban, na caighdeáin sláinte is airde,*** go háirithe sláinte agus ***cearta*** gnéis agus atáirgthe, ***lena n-áirítear rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, frithghiniúint inacmhainne agus nua-aimseartha agus oideachas gnéasachta atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de a chur chun cinn.*** Ba cheart é freisin a bheith ina thaca le pá comhionann agus cumhachtú eacnamaíoch, ***fiontraíocht na mban agus***

rochtain ar mhaoiniú, chomh maith le gnólachtaí faoi stiúir na mban, agus cothromaíocht oibre is saoil agus cúram, fostaíocht chomhionann, deiseanna gairme agus dálaí oibre, oideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach, rannpháirtíocht pholaitiúil agus ionadaíocht chomhionann, sásraí institiúideacha lena mbaintear cearta na mban amach a chur chun cinn, agus dul i ngleic go gníomhach le steiréitíopaí inscne.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhná a bhfuil idirdhealú trasnach os a gcomhair, lena n-áirítear mná agus cailíní faoi mhíchumas, mná imirceacha, mná a bhfuil stádas dídeanaí acu, mná ó chúlraí ciníocha nó eitneacha éagsúla, mná ar de mhionlaigh reiligiúnacha agus teanga iad, agus grúpaí LADTIA+.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Is sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha iad foréigean inscnebhunaithe agus foréigean in aghaidh na mban, leanaí, daoine óga agus grúpaí eile atá i mbaol, amhail daoine LADTIA agus daoine faoi mhíchumas, agus leanann na cineálacha sin foréigin de bheith ann ar fud an Aontais, i ngach comhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch. Is sárú ar chearta an duine é an foréigean in aghaidh na mban agus na ndaoine a bhaineann le grúpaí ***eile*** atá i mbaol agus is ionsaí díreach ar an	(18) Is ***sárú tromchúiseach agus forleathan ar chearta bunúsacha*** iad foréigean inscnebhunaithe agus foréigean in aghaidh na mban, leanaí, daoine óga agus grúpaí eile atá i mbaol, amhail daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas***, agus iad siúd a bhfuil cineálacha trasnacha idirdhealaithe os a gcomhair,*** agus leanann siad de bheith ann ar fud an Aontais, i ngach comhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch. ***Chun an foréigean sin a chosc agus chun aghaidh a thabhairt air,***

gcomhionannas é. Dá réir sin, is riachtanas sochaíoch é an foréigean sin a chosc agus aghaidh a thabhairt air agus rannchuidíonn sé sin le dul i ngleic leis an idirdhealú sin chomh maith le haghaidh a thabhairt ar thionchair an fhoréigin, lena n-áirítear tionchair ar an tsláinte. An tráth céanna, trí shochaí atá saor ó idirdhealú a áirithiú, cuideofar freisin le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an fhoréigin in aghaidh grúpaí leochaileacha, ós rud é go bhfuil dlúthnasc eatarthu. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart leanúint d'iarracht sheanbhunaithe an Aontais an foréigean a chosc, freagairt dó agus é a chomhrac ar gach leibhéal chomh maith le cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh dhíreacha agus indíreacha uile an fhoréigin agus do mharthanóirí foréigin, agus cur leis na cúig ghlúin leantacha de chlár agus an tsnáithe arb í sin Daphne. ***Leis an gClár ba cheart tacú le baint amach chuspóirí Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, coinbhinsiún a glacadh in Iostanbúl an 11 Bealtaine 2011, le cur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh[10], lena gcosnaítear leanaí ar gach cineál foréigin, chomh maith le rannchuidiú lena chur ar a chumas don Aontas an gealltanas a tugadh mar Pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh, coinbhinsiún lena gcosnaítear daoine faoi mhíchumas ar aon chineál dúshaothraithe, foréigin agus mí-úsáide.*** ***tá gá le tacaíocht airgeadais mharthanach, struchtúrach, fhadtéarmach a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici d'eagraíochtaí agus do sheirbhísí chearta na mban, lena n-áirítear eagraíochtaí atá ag obair ar an láthair, mar fhreagróirí túslíne ar fud na mBallstát a bhfuil an saineolas speisialaithe is gá acu chun dul i ngleic le bunchúiseanna agus le léirithe an fhoréigin inscnebhunaithe.*** Is sárú ar chearta an duine é an foréigean in aghaidh na mban agus na ndaoine a bhaineann le gach grúpa atá i mbaol agus is ionsaí díreach ar an gcomhionannas é. Dá réir sin, is riachtanas sochaíoch é an foréigean sin a chosc agus aghaidh a thabhairt air agus rannchuidíonn sé sin le dul i ngleic leis an idirdhealú sin chomh maith le haghaidh a thabhairt ar thionchair an fhoréigin, lena n-áirítear ar an ***meabhairshláinte agus ar an tsláinte choirp.*** An tráth céanna, trí shochaí atá saor ó idirdhealú a áirithiú, cuideofar freisin le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an fhoréigin in aghaidh ***grúpaí i gcásanna*** leochaileacha, ós rud é go bhfuil dlúthbhaint acu le chéile. ***Ina theannta sin, bíonn mná agus cailíní neamhchosanta go díréireach ar fhoréigean inscnebhunaithe ar líne, lena n-áirítear cibearstalcaireacht, cibearchiapadh, comhroinnt íomhánna neamhthoiliúil, domhainbhrionnuithe agus gríosú chun fuatha nó cibearbhulaíocht, go háirithe do chailíní óga. Déanann na rioscaí sin difear dá saoirse chun tuairimí a nochtadh, dá rannpháirtíocht pholaitiúil agus dá meabhairshláinte, agus dá bhrí sin is fócas sonrach den Rialachán seo iad.*** Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart leanúint de bheith ***ag neartú iarracht*** sheanbhunaithe an Aontais maidir leis an bhforéigean a chosc, freagairt dó agus é a chomhrac ar gach leibhéal chomh maith le cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh dhíreacha agus indíreacha uile an fhoréigin agus do mharthanóirí foréigin, agus cur leis

na cúig ghlúin leantacha de chlár Daphne agus an tsnáithe arb í sin Daphne[9].

[9] Trí ghlúin leantacha de chlár Daphne (IO L 34, 9.2.2000, lch. 1; IO L 143, 30.4.2004, lch. 1; IO L 173, 3.7.2007, lgh. 19-26), agus torthaí shnáitheanna Daphne den Chlár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht (IO L 354, 28.12.2013, lgh. 62-72) agus an Clár CERV (IO L 156, 5.5.2021, lgh. 1-20).

[10] C(2024) 2680 final (IO L, 2024/1238, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1238/oj).

[9] Trí ghlúin leantacha de chlár Daphne (IO L 34, 9.2.2000, lch. 1; IO L 143, 30.4.2004, lch. 1; IO L 173, 3.7.2007, lgh. 19-26), agus torthaí na snáitheanna arb iad sin Daphne den Chlár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht (IO L 354, 28.12.2013, lgh. 62-72) agus an Clár CERV (IO L 156, 5.5.2021, lgh. 1-20).

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Leis an gClár, ba cheart tacú le baint amach chuspóirí Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac a glacadh in Iostanbúl an 11 Bealtaine 2011, agus béim láidir á leagan ar chosc, lena n-áirítear ar chineálacha foréigin ar líne agus ar bhagairtí digiteacha atá ag teacht chun cinn, ar Threoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1a], ar chur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh [1b], lena gcosnaítear leanaí ar aon chineál foréigin, chomh maith le rannchuidiú le cur ar chumas an Aontais an gealltanas a tugadh mar Pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh, lena gcosnaítear daoine faoi mhíchumas, lena

n-áirítear mná agus cailíní, ar aon chineál dúshaothraithe, foréigin agus mí-úsáide.

---

*[1a] **IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj.***

*[1b] **C(2024) 2680 final (IO L, 2024/1238, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1238/oj).***

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18b) I bhfianaise líon scanrúil íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, tá sé tábhachtach leanúint de na gníomhaíochtaí sin go léir le leithdháileadh buiséid ar leith, cosanta agus neamh-inaistrithe do na gníomhaíochtaí lena gcuirtear chun feidhme an cuspóir sonrach gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac faoin tsnáithe arb í Daphne. Ba cheart leis an gclár aird ar leith a thabhairt freisin ar ghrúpaí imeallaithe agus ar mhná i gcásanna bochtaineachta, eisiaimh shóisialta, neamhshláine eacnamaíche agus iad ag dul i ngleic le riosca méadaithe foréigin inscnebhunaithe agus rochtain theoranta ar chosaint agus ar cheartas, agus gné thrasnach a áirithiú.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

	(18c) Agus an Clár á chur chun feidhme aige, ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an saineolas, na sonraí, na táscairí agus an tacaíocht mhodheolaíoch a d'fhorbair an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) i réimsí an chomhionannais inscne agus an fhoréigin inscnebhunaithe. Ba cheart úsáid na n-acmhainní sin ag iarratasóirí agus tairbhithe a spreagadh chun inchomparáideacht sonraí a fheabhsú, faireachán agus meastóireacht a neartú, agus tacú le beartais fhianaisebhunaithe, lena n-áirítear i ndáil le cineálacha foréigin inscnebhunaithe ar líne.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) I gcomhréir le acquis an Aontais maidir le cóir chomhionann, tá comhlachtaí neamhspleácha curtha ar bun ag na Ballstáit chun cóir chomhionann ('comhlachtaí comhionannais') a chur chun cinn, a bhfuil príomhról acu maidir le comhionannas a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta maidir le cóir chomhionann a áirithiú. Thairis sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) atá comhdhéanta de na comhlachtaí comhionannais náisiúnta dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle[11] agus i dTreoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], ós rud é gurb é Equinet an t-aon eintiteas amháin a áirithíonn comhordú gníomhaíochtaí idir comhlachtaí comhionannais. Tá sé sin ríthábhachtach chun dlí frith-idirdhealaithe an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach sna Ballstáit.	(19) I gcomhréir le *acquis* an Aontais maidir le cóir chomhionann, tá comhlachtaí neamhspleácha curtha ar bun ag na Ballstáit chun cóir chomhionann ('comhlachtaí comhionannais') a chur chun cinn, a bhfuil príomhról acu maidir le comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne a chur chun cinn ***agus a fheabhsú***, ***lena n-áirítear an comhionannas inscne,*** agus cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta maidir le cóir chomhionann a áirithiú. Thairis sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) atá comhdhéanta de na comhlachtaí comhionannais náisiúnta dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2024/1499[11] ón gComhairle agus i dTreoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], ós rud é gurb é Equinet an t-aon eintiteas amháin a áirithíonn comhordú gníomhaíochtaí idir comhlachtaí comhionannais. Tá sé sin ríthábhachtach chun dlí frith-idirdhealaithe an Aontais a chur chun feidhme go

	héifeachtach, ***lena n-áirítear dlí an Aontais a bhaineann le comhionannas inscne, agus chun a áirithiú go mbeidh comhdheiseanna ag mná i ngach réimse den saol sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil, agus chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus a chosc,*** sna Ballstáit.
[11] Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE (IO L, 2024/1499, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1499/oj).	[11] Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE (IO L, 2024/1499, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1499/oj).
[12] Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj).	[12] Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj).

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(21) Má spreagtar saoránaigh chun ról níos gníomhaí a ghlacadh sa daonlathas ar leibhéal an Aontais, neartófar sochaí shibhialta na hEorpa agus cothófar forbairt féiniúlachta Eorpaí. ***Dá bhrí sin,*** is gá tacú leis an tsochaí shibhialta chun luachanna an Aontais a chur chun cinn, a chosaint agus feasacht orthu a ardú agus chun rannchuidiú le teachtadh éifeachtach ceart faoi dhlí an Aontais. Nuair a ghlacann saoránaigh an Aontais páirt i saol daonlathach an Aontais, rannchuidíonn siad le daonlathas ionadaíoch ***a fhíorú***, ar prionsabal é ar a bhfuil feidhmiú an Aontais fothaithe agus lena léirítear go coincréiteach luach an daonlathais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE.	(21) Má spreagtar saoránaigh chun ról níos gníomhaí a ghlacadh sa daonlathas ar leibhéal an Aontais, neartófar sochaí shibhialta na hEorpa agus cothófar forbairt féiniúlachta Eorpaí. ***Dá bhrí sin, ní mór tacú leis an*** tsochaí shibhialta***, go háirithe eagraíochtaí feimineacha faoi stiúir na mban agus faoi stiúir chearta na mban, eagraíochtaí frithchiníochais, cosantóirí chearta an duine agus eagraíochtaí a chosnaíonn cearta LADTIA, go háirithe iad siúd atá faoi stiúir ban,*** chun luachanna an Aontais a chur chun cinn, a choimirciú agus feasacht a mhúscailt ina leith***,*** agus chun rannchuidiú le tairbhiú éifeachtach na gceart faoi dhlí an Aontais. Nuair a bhíonn saoránaigh an Aontais rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais, rannchuidíonn siad ***trí chur chuige ón mbun aníos, leis an daonlathas ionadaíoch a neartú sa chleachtas,*** prionsabal ar a bhfuil feidhmiú an Aontais fothaithe agus lena léirítear go nithiúil luach an daonlathais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. ***Go háirithe, sna Ballstáit ina bhfuil an spás sibhialta ag laghdú nó ina bhfuil srianta dlíthiúla, riaracháin nó airgeadais ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban, ba cheart, leis an gClár, tosaíocht a thabhairt do thacaíocht atá dírithe ar a neamhspleáchas, a n-acmhainneacht oibríochtúil agus a gcosaint a choimirciú. Ba cheart leis an gclár tacú le tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn rannpháirtíocht chothrom na mban agus na bhfear sa saol daonlathach, sna meáin agus sa tsochaí shibhialta, lena n-áirítear i róil cheannaireachta.***

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(22) Chun an tAontas a thabhairt níos cóngaraí dá chuid saoránach agus chun rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú, tá gá le gníomhaíochtaí agus iarrachtaí comhordaithe éagsúla. Ba cheart an tsaoránacht Eorpach agus an fhéiniúlacht Eorpach a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thuiscint na saoránach ar an bpróiseas ceaptha beartas ***a spreagadh*** agus trí rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí an Aontais. Tá gá le gníomhaíochtaí cuimhneacháin agus machnamh criticiúil ar chuimhne stairiúil na hEorpa chun saoránaigh a chur ar an eolas faoin stair choiteann, agus chun bonn a leagan síos do thodhchaí choiteann agus do luachanna comhroinnte. Thairis sin, trí thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár, rannchuideofar le rannpháirtíocht na saoránach sa tsochaí a mhéadú agus ar deireadh lena rannpháirtíocht ghníomhach i saol daonlathach an Aontais a mhéadú. An tráth céanna, trí thacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear comhthuiscint, idirphlé idirchultúrtha, éagsúlacht chultúrtha agus teanga, cuimsiú sóisialta agus urraim do dhaoine eile chun cinn, cothaítear braistint muintearais leis an Aontas agus braistint saoránachta coitinne faoi fhéiniúlacht Eorpach, agus í bunaithe ar thuiscint chomhroinnte ar ár luachanna, ár gcultúr, ár stair agus ár n-oidhreacht Eorpach choiteann.	(22) Chun an tAontas a thabhairt níos cóngaraí dá chuid saoránach agus chun rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú, tá gá le gníomhaíochtaí agus iarrachtaí comhordaithe éagsúla. Ba cheart an tsaoránacht Eorpach agus an fhéiniúlacht Eorpach a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thuiscint na saoránach ar an bpróiseas ceaptha beartas ***a áirithiú*** agus trí rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí an Aontais. Tá gá le gníomhaíochtaí cuimhneacháin agus machnamh criticiúil ar chuimhne stairiúil na hEorpa, ***lena n-áirítear an méid a chuireann eagraíochtaí na mban agus LADTIA le forbairt an daonlathais agus na gceart bunúsach,*** chun saoránaigh a chur ar an eolas faoin stair choiteann, agus chun bonn a leagan síos do thodhchaí choiteann agus do luachanna comhroinnte. Thairis sin, trí thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár, rannchuideofar le rannpháirtíocht na saoránach sa tsochaí a mhéadú agus ar deireadh lena rannpháirtíocht ghníomhach i saol daonlathach an Aontais a mhéadú. An tráth céanna, trí thacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear comhthuiscint, idirphlé idirchultúrtha, éagsúlacht chultúrtha agus teanga, cuimsiú sóisialta agus urraim do dhaoine eile chun cinn, cothaítear braistint ***chuimsitheach*** muintearais leis an Aontas agus braistint saoránachta coitinne faoi fhéiniúlacht Eorpach, agus í bunaithe ar thuiscint chomhroinnte ar ár gcomhluachanna Eorpacha ***a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE***, ár gcultúr, ár stair agus ár n-oidhreacht Eorpach choiteann.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus ag gníomhaithe eile sa spás sibhialta, amhail comhlachtaí neamhspleácha um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais agus Institiúidí Ombudsman, maidir le rannchuidiú le cur chun feidhme beartais, rannpháirtíocht daoine a spreagadh, institiúidí a thabhairt chun cuntais, agus athrú dearfach a spreagadh. Ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú chun acmhainní leordhóthanacha agus timpeallacht chumasúcháin a áirithiú ionas gur féidir leo oibriú go neamhspleách, faoi shaoirse, go sábháilte agus go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart cistiú ón Aontas a bheith ina chomhlánú ar iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta trí thacú lena n-acmhainneacht, trína n-acmhainneacht a chosaint, a chumhachtú agus a fhothú, mar a chuirtear i dtábhacht sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2018[13], agus sna conclúidí ón gComhairle an 10 Márta 2023[14] agus an 7 Márta 2025[15]. Tá ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta freisin maidir lena áirithiú go gcuirfear Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] chun feidhme go héifeachtach trí chultúr labhairt amach agus timpeallacht fhabhrach do sceithirí eolais a chothú.	(23) Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus ag gníomhaithe eile sa spás sibhialta, amhail comhlachtaí neamhspleácha um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais agus Institiúidí Ombudsman, maidir le rannchuidiú le cur chun feidhme beartais, ***agus le hurraim do chearta bunúsacha, rannpháirtíocht daoine a spreagadh,*** rannpháirtíocht daoine a spreagadh, institiúidí a thabhairt chun cuntais, agus athrú dearfach a spreagadh, ***lena n-áirítear, inter alia, trí abhcóideacht, dlíthíocht straitéiseach, feachtasaíocht, cumarsáid agus gníomhaíochtaí faire eile. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus aitheantas a thabhairt do na dúshláin shonracha riaracháin agus airgeadais atá rompu, go háirithe d'eintitis bheaga,*** ba cheart go gcabhródh an Clár le hacmhainní leordhóthanacha agus timpeallacht chumasúcháin a áirithiú dóibh chun oibriú go neamhspleách, go saor, go sábháilte agus go héifeachtach. ***Leis sin, ba cheart go mbeifí in ann tacaíocht thapa a thabhairt do thionscnaimh áitiúla nuálacha agus tacaíocht airgeadais a sholáthar do thríú páirtithe, agus maoirseacht thrédhearcach, chothromasach agus rannpháirtíochta á coinneáil ar bun ag an am céanna. Chun neamhspleáchas agus inbhuanaitheacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a áirithiú, go háirithe iad siúd atá gníomhach i gcur chun cinn an chomhionannais agus na gceart bunúsach, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair i réimse chearta na mban, ba cheart leis an gClár tacaíocht inrochtana agus thrédhearcach a áirithiú trí fhoráil a dhéanamh do dheontais oibriúcháin a dhámhachtain ar bhealach intuartha agus ilbhliantúil. Le maoiniú agus dámhachtain deontas, ba cheart trédhearcacht agus cuntasacht iomchuí a***

áirithiú agus cistiú ón Aontas á leithdháileadh agus á úsáid, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, na comhréireachta, agus lánurraim á tabhairt do luachanna agus do chuspóirí an Chláir. Chuige sin, ba cheart cistiú ón Aontas a bheith ina chomhlánú ar iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta trí thacú lena n-acmhainneacht, trína n-acmhainneacht a chosaint, a chumhachtú agus a fhothú, mar a chuirtear i dtábhacht sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2018[13], agus sna conclúidí ón gComhairle an 10 Márta 2023[14] agus an 7 Márta 2025[15]. Tá ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta freisin maidir lena áirithiú go gcuirfear Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] chun feidhme go héifeachtach trí chultúr labhairt amach agus timpeallacht fhabhrach do sceithirí eolais a chothú. ***Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí atá ceaptha chun cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna) a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu toisc gur minic a úsáidtear iad freisin chun cosantóirí chearta an duine ar mná iad agus eagraíochtaí atá ag obair ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban a imeaglú nó a chur ina dtost.***

[13] 2018/2619(RSP) (IO C 390, 18.11.2019, lgh. 117-119, https://eur-lex.europa.eu/legal content/EN/TXT/?uri=oj:JOC_2019_390_R_0017)

[14] ST-7388/23, Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; Ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas

[15] ST-6878/25, Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: cistiú

[13] 2018/2619(RSP) (IO C 390, 18.11.2019, lgh. 117-119, https://eur-lex.europa.eu/legal content/EN/TXT/?uri=oj:JOC_2019_390_R_0017)

[14] ST-7388/23, Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; Ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas

[15] ST-6878/25, Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: cistiú

chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú	chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú
[16] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1937/oj).	[16] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1937/oj).

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé cistiú a dheonú faoin gClár d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann comhionannas inscne chun cinn, a dhéanann foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus cearta na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus cearta daoine LADTIA, i ngach Ballstát agus ba cheart an méid sin a áirithiú, lena n-áirítear i gcás ina mbíonn brú polaitiúil, srianta dlíthiúla nó ciorruithe nó ionsaithe cistiúcháin roimh na heagraíochtaí sin. Féachtar leis na gníomhaíochtaí sin uile príomhluachanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus, mar sin, ba cheart tacú leo ar fud an Aontais, gan eisceacht. Ba cheart rochtain a bheith ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta ar an gClár, lena n-áirítear eagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta ar leibhéal an phobail.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23b) Agus dúshláin shonracha na réigiún beag á gcur i gcuntas, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, ina bhféadfadh neamhionannais inscne a bheith níos suntasaí, ba cheart foráil a dhéanamh sa Chlár do ghlaonna spriocdhírithe chun idirdhealú níos measa a chosc agus chun rochtain chomhionann ar chistí an chláir a áirithiú.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Tráth atá dúshláin roimh shochaithe na hEorpa lena ndéantar difear do dhaonlathais, amhail ***ardú*** ar antoisceachas agus ***éadulaingt***, bréagaisnéis ***agus*** ionramháil ***agus*** cur isteach eachtrach ar fhaisnéis ó ghníomhaithe naimhdeacha, tá sé ríthábhachtach go leanfar de luachanna an Aontais, amhail urraim do chearta bunúsacha, comhionannas agus daonlathas, a shaothrú, a chosaint, a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus a chomhroinnt go gníomhach i measc na saoránach agus na bpobal, ionas go leanfaidh na luachanna sin de bheith i gcroílár thionscadal an Aontais. Maidir le meath ar a gcosaint in aon Bhallstát, is féidir éifeachtaí díobhálacha a bheith aige sin ar an Aontas ***trí chéile.*** Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go rannchuideoidh an Clár seo le luachanna an Aontais a chosaint, lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha, don chomhionannas agus don daonlathas.	(25) Tráth atá dúshláin roimh shochaithe na hEorpa a dhéanann difear do dhaonlathais, amhail ***teacht chun cinn an antoisceachais, an idirdhealaithe, an fhuatha*** agus na bréagaisnéise, ***a mbíonn tionchar díréireach acu go minic ar mhná agus ar chailíní, chomh maith le*** hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, ag gníomhaithe naimhdeacha, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh luachanna an Aontais amhail urraim do chearta bunúsacha, ***comhionannas, comhionannas inscne*** agus daonlathas de bheith á saothrú, á gcosaint, á gcur chun cinn, á bhforfheidhmiú agus á gcomhroinnt go gníomhach i measc saoránach agus pobal, ionas go bhfanfaidh na luachanna sin i gcroílár thionscadal an Aontais. Maidir le meath ar a gcosaint in aon Bhallstát, is féidir éifeachtaí díobhálacha a bheith aige sin ar an Aontas ***agus ar a shaoránaigh uile***. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go rannchuideoidh an Clár seo le luachanna an Aontais a chosaint ***agus a chur chun cinn,*** lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha, comhionannas, ***lena n-áirítear comhionannas inscne,*** agus daonlathas.

	Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chur i gcoinne feachtais chomhordaithe lena ndírítear ar chomhionannas inscne, ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus ar chearta LADTIA ag gníomhaithe agus líonraí frithchearta, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise agus iarrachtaí chun cearta bunúsacha seanbhunaithe a rolladh siar. Bíonn tionchar díréireach ag na hionsaithe comhordaithe sin ar mhná ar chearta an duine agus ar chosantóirí túslíne, ar iriseoirí, ar acadóirí agus ar ionadaithe tofa, agus is é is aidhm dóibh iad siúd a chosnaíonn comhionannas inscne agus cearta bunúsacha a chur ina dtost nó imeaglú a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach cearta comhionanna a chur chun cinn, idirdhealú agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, tacú le gné na hinscne i mbeartais agus i gcláir, agus rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban sa saol polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta a neartú, ós rud é go bhfuil dlúthbhaint aige sin leis an daonlathas.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) I bhfianaise na rioscaí méadaitheacha atá nasctha le guaiseacha nádúrtha, tubaistí aeráide agus comhshaoil, éigeandálaí sláinte, timpistí teicneolaíocha, bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, agus suaitheadh eile, tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna a réamh-mheas, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca le hoideachas agus rannpháirtíocht na saoránach maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna	(26) I bhfianaise na rioscaí méadaitheacha atá nasctha le guaiseacha nádúrtha, tubaistí aeráide agus comhshaoil, éigeandálaí sláinte, timpistí teicneolaíocha, bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, agus suaitheadh eile, tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna a réamh-mheas, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca le hoideachas agus rannpháirtíocht na saoránach maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus, dá réir sin, athléimneacht na sochaí a

agus, dá réir sin, athléimneacht na sochaí a fheabhsú.

fheabhsú. ***Le bearta ullmhachta agus freagartha i gcomhair géarchéimeanna a dtacaítear leo faoin gClár, ba cheart cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de agus trasnach a chomhtháthú, agus é á aithint go mbíonn tionchar díréireach ag géarchéimeanna, lena n-áirítear tubaistí a bhaineann leis an aeráid, coinbhleachtaí armtha agus suaitíeacnamaíocha, ar mhná, ar chailíní agus ar dhaoine imeallaithe, go háirithe iad siúd a bhfuil cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe os a gcomhair.***

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Dá bhrí sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an daonlathas san Aontas a chosaint agus a neartú, iontaoibh an phobail sa daonlathas agus in institiúidí daonlathacha a threisiú, ullmhacht agus athléimneacht dhaonlathach a neartú, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach agus feasacht na saoránach ar stair agus luachanna coiteanna a chothú, rud a thacaíonn, dá réir sin, leis na saoránaigh a gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear a gcearta toghchánacha, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le toghcháin a eagrú. Ba cheart an Clár a bheith ina rannchuidiú freisin le smaointeoireacht chriticiúil, rannpháirtíocht saoránach agus daonlathas a chothú tríd an oideachas mar iarracht ar feadh an tsaoil, ionas go mbeidh na scileanna ag na saoránaigh uile chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a aithint.	(27) Dá bhrí sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an daonlathas san Aontas a chosaint agus a neartú, iontaoibh an phobail sa daonlathas agus in institiúidí daonlathacha a threisiú, ullmhacht agus athléimneacht dhaonlathach a neartú, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach agus feasacht na saoránach ar stair agus luachanna coiteanna a chothú, rud a thacaíonn, dá réir sin, leis na saoránaigh a gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear a gcearta toghchánacha, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le toghcháin a eagrú. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ionadaíocht pholaitiúil atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil, agus ar aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha lena gcuirtear cosc ar mhná, lena n-áirítear mná óga agus mná a bhaineann le grúpaí ina bhfuil baol níos mó idirdhealaithe nó eisiaimh, páirt iomlán a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha. Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí***

	lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean inscnebhunaithe, ar chiapadh agus ar mhí-úsáid ar líne i leith mná a bhfuil infheictheacht phoiblí acu, amhail polaiteoirí, iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine, ar minic a dhírítear foréigean ar líne, fuathchaint agus ciapadh orthu, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis lena dtarraingt siar ó dhíospóireacht phoiblí agus ó rannpháirtíocht pholaitiúil, agus ar an gcaoi sin próisis dhaonlathacha a lagú. Ba cheart an Clár a bheith ina rannchuidiú freisin le smaointeoireacht chriticiúil, rannpháirtíocht saoránach agus daonlathas a chothú tríd an oideachas mar iarracht ar feadh an tsaoil, ionas go mbeidh na scileanna ag na saoránaigh uile chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a aithint. ***chomh maith leis an nasc idir insintí a dhéanann ionsaí ar chomhionannas inscne agus ar bheartais inscne agus gach bagairt ar an daonlathas.***

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34a) Ba cheart don Choimisiún comhsheasmhacht agus comhleanúnachas foriomlán a áirithiú le cuspóirí an Aontais maidir le comhionannas inscne, comhlántacht agus sineirgí a áirithiú leis an obair a dhéanann comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, go háirithe an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus ba cheart don Choimisiún obair na ngníomhairí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile atá cumhdaithe faoin gClár a chur i gcuntas.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go ndéanfar na prionsabail a bhaineann le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cláir sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht, agus raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí agus na dtosaíochtaí á gcur san áireamh.	(35) [Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go ndéanfar na prionsabail a bhaineann le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne ***agus príomhshruthú inscne*** dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cláir sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht, agus raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí agus na dtosaíochtaí á gcur san áireamh.] ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú i ndearadh, cur chun feidhme, faireachán, tuairisciú, meastóireacht agus iniúchóireacht an timthrialla cistiúcháin agus ba cheart a áirithiú nach ndéanfaidh aon cheann de na gníomhaíochtaí a chistítear go díreach nó go hindíreach dochar don chomhionannas inscne. Le meastóireacht eatramhach agus meastóireacht deiridh an chláir, ba cheart tionchair inscne a mheas chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá sé ag rannchuidiú le comhionannas inscne***

	agus chun measúnú a dhéanamh an bhfuil tionchair dhiúltacha neamhbheartaithe ag an gClár ar chomhionannas inscne. Tá comhtháthú an chomhionannais inscne thar gach snáithe den Chlár, lena n-áirítear Cultúr agus MEDIA+, ríthábhachtach chun comhleanúnachas beartais agus cur chun feidhme éifeachtach luachanna an Aontais a áirithiú.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35a) Agus cineál agus méid éagsúil ghníomhaíochtaí na snáitheanna éagsúla den Chlár á gcur san áireamh, beidh sé tábhachtach go ndéanfar sonraí aonair arna mbailiú ag tairbhithe tionscadail a dhí-chomhiomlánú de réir inscne/inscne i gcás inarb iomchuí. Tá sé tábhachtach freisin faisnéis a sholáthar d'iarratasóirí maidir le conas comhionannas inscne a chur i gcuntas, lena n-áirítear faisnéis maidir le húsáid uirlisí príomhshruthaithe inscne amhail measúnuithe tionchair inscne agus táscairí intomhaiste chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo comhionannas inscne, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mban agus na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht i gcistiú an Chláir.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le ról Deasc Cláir, a bhfuil an deis ag na Ballstáit iad a bhunú, agus ar cheart	(36) Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le ról Deasc Cláir, a bhfuil an deis ag na Ballstáit iad a bhunú, agus ar cheart

dóibh treoraíocht agus cúnamh a sholáthar d'iarratasóirí maidir le deiseanna cistiúcháin agus comhar trasteorann, lena rannchuidítear le hinfheictheacht agus scaipeadh for-rochtana an Chláir i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht]. Ba cheart do na Deasca Cláir a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách agus gan cur isteach ó údaráis phoiblí ina ***gcinnteoireacht***, agus níor cheart aon fhreagracht a bheith orthu maidir le bainistiú an chláir[25].	dóibh treoraíocht agus cúnamh a sholáthar d'iarratasóirí maidir le deiseanna cistiúcháin agus comhar trasteorann, lena rannchuidítear le hinfheictheacht agus scaipeadh for-rochtana an Chláir i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht]. Ba cheart do na Deasca Cláir a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách agus gan cur isteach ó údaráis phoiblí ina ***gcinnteoireacht***, agus níor cheart aon fhreagracht a bheith orthu maidir le bainistiú an Chláir[25]. ***Ba cheart do Dheasca Cláir faisnéis inrochtana a áirithiú d'eagraíochtaí beaga faoi stiúir ban atá ag obair ar an láthair, lena n-áirítear iad siúd atá ag feidhmiú i limistéir iargúlta nó i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu.***
[25] Chun an Clár a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, faisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na cineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais atá ar fáil faoi bheartas an Aontais, agus cúnamh a thabhairt d'oibreoirí chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoin gClár, leis an gClár tacófar le Deasca a bhunú i dtíortha rannpháirteacha. Cuirfidh na Deasca a ngníomhaíochtaí chun feidhme, a bhfuil sé d'aidhm acu for-rochtain, infheictheacht agus scaipeadh thorthaí an Chláir a fheabhsú, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais maidir le hoibleagáidí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta, lena n-áirítear go háirithe oibleagáidí le haghaidh tairbhithe agus comhpháirtithe cur chun feidhme.	[25] Chun an Clár a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, faisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na cineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais atá ar fáil faoi bheartas an Aontais, agus cúnamh a thabhairt d'oibreoirí chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoin gClár, leis an gClár tacófar le Deasca a bhunú i dtíortha rannpháirteacha. Cuirfidh na Deasca a ngníomhaíochtaí chun feidhme, a bhfuil sé d'aidhm acu for-rochtain, infheictheacht agus scaipeadh thorthaí an Chláir a fheabhsú, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais maidir le hoibleagáidí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta, lena n-áirítear go háirithe oibleagáidí le haghaidh tairbhithe agus comhpháirtithe cur chun feidhme.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár le haghaidh 2028 go 2034, a thiocfaidh i gcomharbacht ***ar*** na Cláir a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 le haghaidh 2021 go 2027. Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 a aisghairm,	(40) Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár le haghaidh 2028 go 2034, a thiocfaidh i gcomharbacht ar na Cláir a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 le haghaidh 2021 go 2027. Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 a aisghairm,

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir an éagsúlacht agus an oidhreacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn, iomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú, go háirithe tionscail na meán agus an chlosamhairc, saoirse ealaíonta agus saoirse na meán a chosaint, agus comhionannas, saoránacht ghníomhach, cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, agus, dá réir sin, rannpháirtíocht dhaonlathach agus athléimneacht shochaíoch laistigh den Aontas a fheabhsú.	(1) Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir an éagsúlacht agus an oidhreacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn, iomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú, go háirithe tionscail na meán agus an chlosamhairc, saoirse ealaíonta agus saoirse na meán a choimirciú, agus ***cuimsiú,*** comhionannas, ***comhionannas inscne, éagsúlacht, rannpháirtíocht,*** saoránacht ghníomhach a chosaint agus a chur chun cinn, mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, agus, dá réir sin, rannpháirtíocht dhaonlathach agus athléimneacht shochaíoch laistigh den Aontas a fheabhsú. ***Leis an gClár, cuirfear chun cinn cearta na mban agus comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus sochaithe cuimsitheacha, agus déanfar steiréitíopaí inscne agus idirdhealú struchtúrach a chomhrac go gníomhach. Cuirfidh sé chun cinn freisin rannpháirtíocht éifeachtach na mban ina n-éagsúlacht uile, daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas, daoine ar de mhionlaigh iad, agus grúpaí atá imeallaithe go sóisialta, lena n-áirítear trí rochtain ar chistiú faoin gclár seo, agus déanfaidh sé dearcadh trasnach a chomhtháthú.***

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
i. rannchuideofar le cruthú, comhar, rannpháirtíocht agus inrochtaineacht chultúrtha trasteorann, agus scaipeadh trasteorann saothar cultúrtha éagsúil, agus gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus idirnáisiúnta earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (‘cultúr’) á neartú an tráth céanna;	i. rannchuideofar le cruthú cultúrtha trasteorann, comhar, rannpháirtíocht agus inrochtaineacht, agus cúrsaíocht trasteorann éagsúlachta saothar cultúrtha, agus ***comhionannas inscne agus rannpháirtíocht na mban agus na ngrúpaí imeallaithe a chur chun cinn agus a urramú agus,*** ag an am céanna, gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus idirnáisiúnta earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (‘cultúr’) a neartú, ***agus luachanna bunaidh an Aontais a chur chun cinn;***

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ii. rannchuidiú le héiceachóras faisnéise Aontais atá saor, inmharthana agus éagsúil, go háirithe trí thacú le hiriseoireacht agus leis na meáin nuachta atá saor agus neamhspleách, agus rochtain na saoránach ar fhaisnéis iontaofa á feabhsú agus dul i ngleic leis an mbréagaisnéis (‘nuacht’);	ii. rannchuideofar le héiceachóras faisnéise de chuid an Aontais atá saor, inmharthana, ***cuimsitheach, sábháilte*** agus éagsúil, go háirithe trí thacú le hiriseoireacht agus meáin nuachta atá saor agus neamhspleách, trí rochtain na saoránach ar fhaisnéis iontaofa a fheabhsú agus trí dhul i ngleic leis an mbréagaisnéis, ***lena n-áirítear bréagaisnéis inscnebhunaithe, agus luachanna bunaidh an Aontais, lena n-áirítear comhionannas inscne (‘nuacht’) á gcur chun cinn go críochnúil ag an am céanna;***

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
i. rannchuideofar le cearta bunúsacha, comhionannas ***agus*** neamh-idirdhealúagus cearta shaoránaigh an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí a chosaint ***agus*** a chur chun cinn, lena n-áirítear saorghluaiseacht saoránach, ***agus*** an tsochaí shibhialta a chumhachtú (‘cearta, comhionannas, saoránaigh agus an tsochaí shibhialta’);	i. rannchuideofar le cearta bunúsacha, comhionannas, ***lena n-áirítear comhionannas inscne,*** neamh-idirdhealú, agus cearta shaoránaigh an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí ***agus sa Chairt*** a chosaint, a chur chun cinn ***agus a fheabhsú***, lena n-áirítear saorghluaiseacht saoránach, lena gcumhachtaítear an tsochaí shibhialta (‘cearta, comhionannas, ***comhionannas inscne,*** saoránaigh agus an tsochaí shibhialta’);

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ii. rannchuideofar leis an gcomhrac in aghaidh foréigean inscnebhunaithe, foréigean in aghaidh leanaí agus grúpaí eile atá i mbaol an fhoréigin sin (‘Daphne’);	***scriosta***

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
iii. rannchuidiú le rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú agus leis an smacht reachta a chaomhnú (‘rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta’).	iii. rannchuidiú le rannpháirtíocht dhaonlathach ***agus rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú, cuimsitheacht agus ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn***, agus leis an smacht reachta a chaomhnú (‘rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta’).

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) Déanfaidh snáithe arb í Daphne an méid seo a leanas:
	i. rannchuidiú le gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear foréigean ar líne, chomh maith le foréigean in aghaidh leanaí, agus foréigean in aghaidh grúpaí eile atá i mbaol agus cosaint agus tacaíocht a áirithiú d'íospartaigh agus do mharthanóirí; ('neamhfhulaingt ar fhoréigean inscnebhunaithe');

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Chun tionchar a uasmhéadú agus sineirgí a fheabhsú ar fud na snáitheanna dá dtagraítear i mír 2, leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha lena rannchuideofar leis an gcuspóir ginearálta dá dtagraítear i mír 1, go háirithe trí shineirgí a fhorbairt idir na réimsí cultúrtha, meán agus sibhialta agus trí chomhar agus nuálaíocht trasearnála a chur chun cinn.	(3) Chun tionchar a uasmhéadú agus sineirgí a fheabhsú ar fud na snáitheanna dá dtagraítear i mír 2, leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha lena rannchuideofar leis an gcuspóir ginearálta dá dtagraítear i mír 1, go háirithe trí shineirgí a fhorbairt idir na réimsí cultúrtha, meán agus sibhialta agus trí chomhar agus nuálaíocht trasearnála a chur chun cinn, ***agus féiniúlacht agus uathriail shainiúil gach ceann de na ceithre shraith á gcaomhnú ag an am céanna.. Maidir leis an gcuspóir sineirgí a chothú i measc chuspóirí AgoraEU, áfach, ní dhéanfaidh sé dochar d'incháilitheacht ná do mheasúnú tograí tionscadail a dhíríonn go heisiach ar chuspóir aonair AgoraEU ná ní chuirfidh sé faoi mhíbhuntáiste iad ná ní chuirfidh sé teorainn leo ar shlí eile.***

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cruthú, comhar agus malartuithe trasteorann a chothú i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, cónaitheacht ealaíonta, chomh maith le comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí de gach méid;	(a) cruthú, comhar agus malartuithe trasteorann a chothú i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, cónaitheacht ealaíonta, chomh maith le comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí de gach méid ***agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar neamhionannais inscne ina leith sin;***

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) feabhas a chur ar rochtain ar chultúr agus ar oidhreacht chultúrtha agus rannpháirtíocht iontu do chách, go háirithe do dhaoine óga, agus athléimneacht shóisialta agus comhtháthú sóisialta a neartú, go háirithe cothroime idirghlúine, comhionannas agus éagsúlacht, trí rannpháirtíocht chultúrtha;	(b) feabhas a chur ar rochtain ar chultúr agus ar oidhreacht chultúrtha agus rannpháirtíocht iontu do chách, go háirithe do dhaoine óga, agus athléimneacht shóisialta agus comhtháthú sóisialta a neartú, go háirithe cothroime idirghlúine, comhionannas agus éagsúlacht, trí rannpháirtíocht chultúrtha***, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar neamhionannais inscne in earnáil an chultúir;***

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) forbairt beartais cultúir a chur chun cinn trí chomhar agus dea-chleachtais a mhalartú ar leibhéal an Aontais, agus feabhas a chur ar an mbonn fianaise trí	(e) forbairt beartais chultúrtha a chur chun cinn trí chomhar agus malartú dea-chleachtas ar leibhéal an Aontais, agus feabhas a chur ar an mbonn fianaise trí

bhailiú agus anailísiú sonraí agus gníomhaíochtaí píolótacha feabhsaithe;	bhailiú sonraí feabhsaithe, anailís, ***lena n-áirítear sonraí imdhealaithe de réir gnéis/inscne***, agus gníomhaíochtaí píolótacha;

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn trí chultúr agus léiriú cultúrtha a úsáid mar uirlisí chun feasacht a mhúscailt, idirphlé agus athrú sochaíoch a dhéanamh, trí earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne agus ar neamhionannais inscne struchtúracha agus ar fhuathchaint agus trí thacú le cuimsiú agus ionadaíocht chomhionann na mban agus na ngrúpaí atá i staideanna leochaileacha ar fud earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar cur chun feidhme an chuspóra shonraigh ‘Cultúr’ a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do shaoirse ealaíonta agus d’éagsúlacht léirithe cultúir, agus beidh sé ina rannchuidiú ***le feabhas a*** chur ar dhálaí oibre le haghaidh ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha.	Déanfar cur chun feidhme an chuspóra shonraigh ‘Cultúr’ a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do shaoirse ealaíonta agus d’éagsúlacht léirithe cultúir, agus beidh sé ina rannchuidiú le dálaí oibre ***cothroma*** le haghaidh ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) lucht féachana agus éisteachta a fhorbairt le haghaidh saothair chlosamhairc Eorpacha, lena n-áirítear trí líonra de phictiúrlanna, féilte agus feachtais for-rochtana Eorpacha, agus aghaidh a thabhairt go háirithe ar Eorpaigh óga agus ar phobail nach ndéantar freastal ceart orthu;	(c) lucht féachana agus éisteachta a fhorbairt le haghaidh saothair chlosamhairc Eorpacha, lena n-áirítear trí líonra de phictiúrlanna, féilte agus feachtais for-rochtana Eorpacha, agus aghaidh a thabhairt go háirithe ar Eorpaigh óga, ***ar mhná agus ar chailíní,*** agus ar phobail nach ndéantar freastal ceart orthu;

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tacú le fischluichí agus ábhar tumthach Eorpach a fhorbairt agus a fhréamhshamhaltú, lena n-áirítear trí thástáil margaidh, straitéisí cur chun cinn agus infhionntachta atá dírithe ar an lucht féachana agus éisteachta, agus dáileadh ar fud na n-ardán uile;	(d) tacú le forbairt agus fréamhshamhaltú fischluichí Eorpacha, ***go háirithe fischluichí lena rannchuidítear le comhionannas inscne a chur chun cinn, agus ábhar tumthach,*** lena n-áirítear trí thástáil mhargaidh, cur chun cinn agus straitéisí atá dírithe ar lucht féachana agus éisteachta, agus dáileadh ar fud na n-ardán uile;

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) forbairt tallainne a fheabhsú, ***tacú*** le rochtain ar mhaoiniú, malartuithe agus líonrú gnólacht le gnólacht, uirlisí nuálacha agus samhlacha gnó nuálacha agus straitéisí saothraithe maoine intleachtúla trasmheán a ghlacadh, go háirithe mar fhreagairt ar athruithe cruthaitheacha, margaidh agus teicneolaíocha;	(e) feabhas a chur ar fhorbairt tallainne, ***lena n-áirítear trí mhná a chur chun cinn i bpoist cheannaireachta agus i róil chinnteoireachta san earnáil closamhairc,*** rochtain ar mhaoiniú, ar mhalartuithe gnólacht le gnólacht agus ar líonrú ***a éascú,*** uirlisí agus samhlacha gnó nuálacha a ghlacadh agus straitéisí trasmheáin maidir le leas a bhaint as maoin

	intleachtúil, go háirithe mar fhreagairt ar athruithe cruthaitheacha, margaidh agus teicneolaíochta, ***agus béim ar leith á leagan ar thacú le comhionannas inscne, le fiontraíocht na mban agus le rochtain ar dheiseanna gnó;***

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) tacú le timpeallacht meán atá cuimsitheach agus sábháilte trí chomhionannas inscne a chur chun cinn, foréigean ar líne agus bréagaisnéis inscnebhunaithe a chomhrac, aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne in ábhar na meán, agus cuimsiú peirspictíochtaí maidir le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus ionadaíocht na mban agus na ngrúpaí i gcásanna leochaileacha in earnálacha an chlosamhairc agus an chearrbhachais a chur chun cinn;

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) eagraíochtaí meán nuachta ***agus*** iriseoirí a chosaint, go háirithe i gcás ina mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar bhagairtí, faireachán, measúnú a dhéanamh, agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí do shaoirse agus iolrachas na meán sa mhargadh inmheánach agus caighdeáin iriseoireachta agus eagarthóireachta a chur chun cinn;	(a) eagraíochtaí meán nuachta, iriseoirí ***agus gairmithe eile sna meáin a chosaint,*** go háirithe i gcás ina mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ***as líne agus ar líne, lena n-áirítear ciapadh, fuathchaint, cibearstalcaireacht, agus imeaglú, agus aird ar leith á tabhairt ar iriseoirí ban, atá níos mó i mbaol an fhoréigin dhigitigh*** inscnebhunaithe, faireachán, measúnú agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí do shaoirse agus d'iolrachas na meán sa mhargadh inmheánach, ***d'fhonn sláine an dioscúrsa***

	phoiblí a chosaint agus tacú le luachanna daonlathacha, agus caighdeáin iriseoireachta agus eagarthóireachta a chur chun cinn;

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) comhar a fheabhsú agus bearta a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu faireachán a dhéanamh ar an spás faisnéise ar líne agus é a chosaint, lena n-áirítear bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a bhrath agus a chomhrac, agus, dá réir sin, rannchuidiú le hathléimneacht níos fearr ar fud an Aontais;	(d) comhar a fheabhsú agus bearta a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu faireachán a dhéanamh ar an spás faisnéise ar líne agus é a chosaint, lena n-áirítear ***bréagaisnéis a bhrath agus a chomhrac, lena n-áirítear bréagaisnéis agus insintí inscnebhunaithe a chuireann i gcoinne an chomhionannais inscne agus a dhéanann ionsaí ar mhná, ar dhaoine LADTIA agus ar bheartais chomhionannais,*** agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hathléimneacht níos fearr ar fud an Aontais;

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) gníomhaíochtaí digiteacha agus litearthachta sna meáin a chur chun cinn chun é a chur ar a gcumas do shaoránaigh, lena n-áirítear daoine óga, tuiscint chriticiúil ar an éiceachóras faisnéise a úsáid agus a fhorbairt;	(e) gníomhaíochtaí digiteacha agus litearthachta sna meáin ***a chur chun cinn, lena n-áirítear múscailt feasachta maidir le steiréitíopaí díobhálacha inscne, foréigean inscnebhunaithe agus cibearbhulaíocht agus maidir le conas iad a aithint agus a chomhrac, chun a chur ar*** chumas saoránach, lena n-áirítear daoine óga, tuiscint chriticiúil ar an éiceachóras faisnéise a úsáid agus ***a fhorbairt agus a thionchair ar rannpháirtíocht***

dhaonlathach agus ar athléimneacht dhaonlathach a thuiscint;

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) comhionannas a chur chun cinn, agus idirdhealú ar fhorais a bhaineann le gnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, agus gach cineál ciníochais agus éadulaingthe a chosc agus ***a chomhrac***;	(a) comhionannas a chur chun cinn, agus ***éagothromaíochtaí struchtúracha agus*** idirdhealú bunaithe ***ar ghnéas, ar inscne***, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh, ar ***fhéiniúlacht inscne, ar shaintréithe gnéis*** agus ar gach cineál ciníochais agus éadulaingthe***, lena n-áirítear seineafóibe, homafóibe, leispiafóibe, défhóibe, trasfóibe agus idirfhóibe a chosc agus a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar il-idirdhealú agus idirdhealú trasnach;***

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) comhionannas inscne, príomhshruthú inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, agus teachtadh iomlán as cearta na mban a chosaint agus a chur chun cinn;	(b) comhionannas inscne, príomhshruthú inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, agus teachtadh iomlán as cearta na mban a chosaint agus a chur chun cinn, ***lena n-áirítear a sláinte agus a gcearta gnéis agus atáirgthe;***

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(d) cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn;	(d) cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn, ***lena n-áirítear sa timpeallacht ar líne;***

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) spás sibhialta bríomhar a chothú trí acmhainneacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine, agus gníomhaithe ábhartha eile a fhothú agus trí thacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh, ***ar ghrúpaí iad*** atá gníomhach ar gach leibhéal maidir le ***feasacht na saoránach*** ar na cearta a chumhdaítear sa Chonradh a chosaint, a chur chun c***inn agus a mhúscailt, athléimneacht dhaonlathach an Aontais, neamh-idirdhealú agus comhionannas agus luachanna an Aontais ar bhonn níos leithne a chur chun cinn, mar atá urraim do chearta bunúsacha, an smacht reachta, an daonlathas agus maidir le hurraim don Chairt a chosaint agus a chur chun cinn.***	(f) spás sibhialta bríomhar a chothú trí acmhainneacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chosantóirí chearta an duine agus gníomhaithe ábhartha eile a fhorbairt agus tacaíocht airgeadais ***inrochtana, intuartha, inbhuanaithe agus ilbhliantúil*** a sholáthar dóibh, ***go háirithe eagraíochtaí um chearta na mban, eagraíochtaí faoi stiúir ban, agus eagraíochtaí an phobail,*** tá siad gníomhach ar gach leibhéal maidir leis na cearta a chumhdaítear sa Chonradh ***agus sa Chairt a chosaint agus a chur chun cinn, agus maidir le*** luachanna an Aontais ***a choimirciú, lena n-áirítear an daonlathas,*** an smacht reachta, an ***comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus an neamh-idirdhealú.***

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 8	***scriosta***
Daphne	
Laistigh den snáithe arb é CERV+, beidh an cuspóir sonrach a bhaineann le 'Daphne' dírithe ar an méid seo a leanas:	
(a) na cineálacha uile foréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus cailíní, foréigin teaghlaigh, agus foréigin in aghaidh leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta, daoine LADTIA,	

daoine faoi mhíchumas agus grúpaí eile atá i mbaol a chosc, freagairt don fhoréigean sin agus é a chomhrac ar gach leibhéal;

(b) cosaint agus tacaíocht a thabhairt do gach íospartach díreach agus indíreach agus do mharthanóirí foréigin dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) tacú le cuspóirí Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac san Aontas.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cearta saoránachta an Aontais chomh maith le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach i saol daonlathach agus sibhialta an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, agus tacú le sochaithe bunaithe ar an smacht reachta atá oscailte, athléimneach, bunaithe ar chearta agus ***comhionann***;	(a) cearta saoránachta an Aontais chomh maith le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach i saol daonlathach agus sibhialta an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, ***lena n-áirítear trí rannpháirtíocht chomhionann agus ionadaíocht chothrom na mban sa saol polaitiúil agus poiblí a chur chun cinn,*** agus tacú le sochaithe atá oscailte, athléimneach, bunaithe ar chearta, agus ***comhionann ó thaobh inscne de agus neamh-idirdhealaitheach*** bunaithe ar an smacht reachta;

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) feasacht shibhialta agus tuiscint níos fearr ar an Aontas, ar a stair, a chuimhne agus a éagsúlacht choiteann a	(c) feasacht shibhialta agus tuiscint níos fearr ar an Aontas, a stair choiteann, a chuimhne agus a éagsúlacht a chur chun cinn, ***lena n-áirítear rannchuidiú***

chur chun cinn chun comhthuiscint agus caoinfhulaingt a chothú.	***ghluaiseachtaí na mban agus LADTIA le luachanna an Aontais, amhail an daonlathas, cearta bunúsacha agus comhionannas*** chun comhthuiscint agus caoinfhulaingt a chothú.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil IV a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	IVa An tsnáithe arb í Daphne

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 9a
	An tsraith arb í sin Daphne
	Laistigh den tsraith arb í sin Daphne, díreofar leis an gcuspóir sonrach maidir le 'Neamhfhulaingt ar fhoréigean inscnebhunaithe' ar an méid seo a leanas:
	(a) gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc, freagairt dó agus é a chomhrac ar gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha ar líne ciaptha, cibearstalcaireachta, teacht i dtír gnéasach agus scaipeadh neamhthoiliúil ábhair phearsanta, bídís barántúil nó cúbláilte go digiteach, cineálacha eacnamaíocha agus cineálacha atá ag teacht chun cinn maidir le foréigean digiteach, foréigean teaghlaigh, agus gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní, leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta, daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí eile atá i mbaol;

(b) gach íospartach díreach agus indíreach agus gach marthanóir foréigin dá dtagraítear i bpointe (a) a chosaint agus tacú leo, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine ar mná iad agus mná sa saol poiblí a ndírítear orthu mar gheall ar a n-inscne, agus trí thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí tacaíochta agus d'eagraíochtaí pobail eile a bhfuil saineolas speisialaithe acu, lena gcuirtear cúnamh díreach ar fáil do mharthanóirí foréigin agus foréigin inscnebhunaithe trí sheirbhísí inrochtana, inscne-íogair agus tráma-eolasacha;

(c) tacú le cuspóirí Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac san Aontas, agus le cuspóirí Threoir (AE) 2024/1385 [1a] a bhaint amach, lena n-áirítear trí bhearta maidir le cosc, cosaint, ionchúiseamh agus trí bheartais chomhordaithe;

(d) bearta múscailte feasachta, oideachais agus coisctheacha a chur chun cinn chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus steiréitíopaí inscne a chomhrac, lena n-áirítear maidir le ról lárnach an toilithe i gcaidrimh ghnéis agus i bhforéigean inscne i dtimpeallachtaí digiteacha;

(e) tacú le bailiú sonraí inchomparáide, taighde agus malartú dea-chleachtas maidir le foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear a ghné ar líne.

[1a] IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(a) comhar agus nuálaíocht trasearnála ar fud na réimsí cultúrtha, meán agus sibhialta, agus sláine an dioscúrsa phoiblí a chosaint, agus dá réir sin athléimneacht dhaonlathach, ullmhacht shochaíoch agus rannpháirtíocht chultúrtha agus saoránach a neartú;	(a) comhar agus nuálaíocht trasearnála ar fud réimsí an chultúir, na meán agus na sochaí sibhialta, agus cosaint shláine an dioscúrsa phoiblí, ***lena n-áirítear cosaint ar bhréagaisnéis inscnebhunaithe,*** agus ar an gcaoi sin athléimneacht dhaonlathach, ullmhacht shochaíoch agus rannpháirtíocht chultúrtha agus shibhialta a neartú;

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) úsáid fhreagrach a bhaint as uirlisí nuálacha agus as teicneolaíochtaí ábhair, go háirithe an Intleacht Shaorga, chomh maith le forbairt scileanna agus fothú acmhainneachta trí chuir chuige thrasearnála;	(b) úsáid fhreagrach, ***eiticiúil, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a bhaint*** as uirlisí nuálacha agus teicneolaíochtaí inneachair, go háirithe an Intleacht Shaorga, ***lena n-áirithítear ní hamháin nach ndéanann na teicneolaíochtaí sin laofacht inscne ná idirdhealú inscne a atáirgeadh ná a mhéadú, ach go rannchuidíonn siad le dul i ngleic leo,*** chomh maith le forbairt scileanna agus fothú acmhainneachta trí chuir chuige trasearnála;

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) gníomhaíochtaí chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais i réimsí an chultúir, na meán agus na saoránach a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, trí chomhar i measc údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara.	(c) gníomhaíochtaí chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, ***lena n-áirítear faireachán ar a thionchar comhionannais inscne agus ailíniú le luachanna an Aontais mar a chumhdaítear sna Conarthaí, sa Chairt agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine,*** i réimsí an chultúir, na meán agus na

	sibhialta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, trí chomhar i measc na n-údarás náisiúnta agus na ngeallsealbhóirí*;*

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cláir thrasearnálacha chun comhionannas inscne, cearta na mban agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn agus a chur chun cinn, lena n-áirítear dul i ngleic go gníomhach le steiréitíopaí inscne agus insintí atá i gcoinne an chomhionannais inscne, measúnuithe tionchair inscne a úsáid go córasach, sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú agus aghaidh a thabhairt ar idirdhealú iolrach agus trasnach;

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cinnfear maoiniú tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha de réir a gcineáil agus a raoin feidhme.	Cinnfear maoiniú tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha de réir a gcineáil agus a raoin feidhme. ***Maidir leis an gcuspóir sineirgí a chothú i measc chuspóirí AgoraEU, áfach, ní dhéanfaidh sé dochar d'incháilitheacht ná do mheasúnú tograí tionscadail a dhíríonn go heisiach ar chuspóir aonair AgoraEU ná ní chuirfidh sé faoi mhíbhuntáiste iad ná ní chuirfidh sé teorainn leo ar shlí eile.***

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Laistigh de mhéid an imchlúdaigh airgeadais a leagtar amach i mír 1, leithdháilfear 16 % ar a laghad chun tacú le gníomhaíochtaí chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac ar gach leibhéal (an tnsáithe arb í sin Daphne);

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Laistigh de mhéid an imchlúdaigh airgeadais a leagtar amach don tsnáithe CERV+, leithdháilfear 10 % ar a laghad ar ghníomhaíochtaí lena gcuirtear comhionannas inscne, príomhshruthú inscne agus cumhachtú na mban chun cinn, agus lena gcosnaítear agus lena gcuirtear chun cinn teachtadh iomlán chearta na mban;

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Laistigh de mhéid an imchlúdaigh airgeadais a leagtar amach le haghaidh Airteagal 7, Airteagal 8 (sraith CERV+) agus Airteagal 9 (sraith Daphne)), leithdháilfear 60 % ar a laghad chun tacú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11a
	Módúlachtaí cistiúcháin
	1. Leis an gClár, déanfar foráil maidir le cistiú intuartha cobhsaí d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas an Aontais, agus atá gníomhach go príomha sna réimsí a chumhdaítear le snáithe CERV+ agus leis an tsnáithe arb í sin Daphne mar a leagtar amach in Airteagail 7, 8 agus 9, lena n-áirítear trí dheontais oibriúcháin a dhámhachtain chun a neamhspleáchas agus a n-inbhuanaitheacht a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 183(2)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, agus formhaoirseacht thrédhearcach, chothromasach agus rannpháirtíochta á coinneáil ar bun ag an am céanna.
	2. Leis an gClár, soláthrófar an deis tacaíocht airgeadais a thabhairt do thríú páirtithe, chun inrochtaineacht na snáitheanna CERV+ agus na snáithe arb í sin Daphne a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta, lena n-áirítear eagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile,	1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile,

ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár. ***Cuirfear na rannchuidithe breise sin chun feidhme i gcomhréir le cuspóirí an Chláir, lena n-áirítear a thiomantas do chomhionannas inscne agus do chur i bhfeidhm an phríomhshruthaithe inscne.*** Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, ach na Ballstáit é sin a iarraidh. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is acmhainní breise a bheidh iontu, le cois an mhéid dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach faoi leith amháin nó níos mó nó chuig a gcomharbaí, ach an Ballstát lena mbaineann é sin a iarraidh.	2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, ach na Ballstáit é sin a iarraidh. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is acmhainní breise a bheidh iontu, le cois an mhéid dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. ***Comhlíonfaidh a n-úsáid luachanna an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú.*** I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach faoi leith amháin nó níos mó nó chuig a gcomharbaí, ach an Ballstát lena mbaineann é sin a iarraidh.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar nósanna imeachta dámhachtana faoin gClár a sheoladh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile (‘comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach’), ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 freisin.	2. Féadfar nósanna imeachta dámhachtana faoin gClár a sheoladh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile (‘comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach’), ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta, ***lena gcuirtear paireacht inscne chun cinn,*** dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.	7. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha. ***Le comhdhéanamh na gcoistí meastóireachta, cuirfear paireacht inscne chun cinn.***

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Eintitis a dhéanann iarratas ar chistiú faoin snáithe Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr den Chlár agus a bhfuil os cionn ***50*** % dá n-ioncam bliantúil faighte acu ó fhoinsí poiblí le 2 bhliain anuas, measfar go bhfuil an acmhainneacht airgeadais, ghairmiúil agus riaracháin lena bhfuil gá acu chun gníomhaíochtaí faoin gClár a dhéanamh. Ní cheanglófar orthu tuilleadh doiciméadachta a chur i láthair chun an acmhainneacht sin a léiriú.	8. Eintitis a dhéanann iarratas ar chistiú faoin snáithe Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr den Chlár agus a bhfuil os cionn ***50*** % dá n-ioncam bliantúil faighte acu ó fhoinsí poiblí le 2 bhliain anuas, measfar go bhfuil an acmhainneacht airgeadais, ghairmiúil agus riaracháin lena bhfuil gá acu chun gníomhaíochtaí faoin gClár a dhéanamh. Ní cheanglófar orthu tuilleadh doiciméadachta a chur i láthair chun an acmhainneacht sin a léiriú. ***Déanfar an measúnú ar acmhainneacht airgeadais ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus áiritheofar leis comhdheiseanna d'eagraíochtaí faoi stiúir ban.***

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 15a
	Cineálacha gníomhaíochta
	Gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le cuspóir a bhaint amach a leagtar amach

	in Airteagal 3, féadfaidh siad cistiú a fháil faoin Rialachán seo. Go háirithe, beidh gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn I incháilithe le haghaidh cistiúcháin.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár.	1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3, ***lena n-áirítear comhionannas inscne agus tosaíochtaí trasearnála eile dá dtagraítear in Airteagal 10,*** i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir leis na nósanna imeachta dámhachtana uile faoin gClár.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. D'fhéadfadh réigiúin bheaga, amhail na réigiúin is forimeallaí, inar féidir leis na héagothromaíochtaí maidir le comhionannas inscne a bheith níos airde, a bheith i dteideal glaonna sonracha a bheith acu chun idirdhealú dúbailte a sheachaint agus chun rochtain chomhionann ar an gClár a chur chun cinn.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach sna cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, na gníomhaíochtaí agus na méideanna gaolmhara tacaíochta ón Aontas a bheidh le cur chun feidhme trí ionstraim InvestEU CEI.	Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme. ***Sonrófar sna cláir oibre an chaoi a gcuirfear chun feidhme na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo agus na tosaíochtaí trasearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo, lena n-áirítear comhionannas inscne.*** Leagfar amach sna cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, na gníomhaíochtaí agus na méideanna gaolmhara tacaíochta ón Aontas a bheidh le cur chun feidhme trí ionstraim InvestEU CEI.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	IARSCRÍBHINN I
	GNÍOMHAÍOCHTAÍ A dTACAÍONN AN CLÁR LEO
	Déanfar cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir a leagtar amach in Airteagal 3 a shaothrú go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas:
	(1) feasacht a ardú, cur chun cinn agus scaipeadh faisnéise, laistigh de na réimsí agus na cuspóirí arna gcumhdach leis an gClár, chun feabhas a chur ar an eolas faoi chearta agus luachanna agus beartais ghaolmhara;
	(2) foghlaim fhrithpháirteach agus dea-chleachtais a mhalartú i measc geallsealbhóirí chun eolas agus tuiscint fhrithpháirteach a fheabhsú;
	(3) gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin, chun feabhas a chur ar an tuiscint ar an staid sna Ballstáit agus ar

leibhéal an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár agus chun feabhas a chur ar chur chun feidhme dhlí an Aontais, bheartais agus chomhluachanna an Aontais laistigh de na Ballstáit; amhail bailiú sonraí agus staidrimh a áireamh; forbairt modheolaíochtaí coiteanna agus, i gcás inarb iomchuí, táscairí nó tagarmharcanna; staidéir, taighde, anailísí agus suirbhéanna; meastóireachtaí; measúnú tionchair; agus forbairt agus foilsiú treoracha, tuarascálacha agus ábhair oideachais;

(4) oiliúint a chur ar na geallsealbhóirí ábhartha chun feabhas ar chur ar eolas ar na beartais agus na cearta sna réimsí atá cumhdaithe ag an gClár;

(5) forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar uirlisí theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide;

(6) tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí neamhbhrabúsacha sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár:

(a) chun a n-acmhainneacht chun frithghníomhú a fheabhsú agus chun rochtain leormhaith a áirithiú do na saoránaigh go léir ar a seirbhísí, ar a ngníomhaíochtaí comhairleoireachta agus tacaíochta;

(b) chun gníomhaíochtaí abhcóideachta a dhéanamh chun cearta a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin cosaint agus cur chun cinn luachanna an Aontais agus an urraim don smacht reachta a neartú freisin agus rannchuidiú leis an idirphlé daonlathach agus leis an dea-rialachas, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil an spás ag laghdú don tsochaí shibhialta;

(7) feasacht i measc na saoránach, go háirithe i measc daoine óga, a mhéadú maidir le cultúr na hEorpa, oidhreacht, féiniúlacht, stair agus cuimhneachán cultúrtha, go háirithe maidir le córais údarásaíocha agus ollsmachtacha, agus

eipeasóidí cinniúnacha eile i stair na hEorpa le déanaí chun cuimhneachán agus gealltanais shaoránaigh na hEorpa don Aontas a neartú agus chun caoinfhulaingt, tuiscint fhrithpháirteach idirphlé idirchultúrtha agus urraim don éagsúlacht a spreagadh;

(8) saoránaigh de bhunadh náisiún agus cultúr éagsúil a thabhairt le chéile trí dheis a thabhairt dóibh bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí nasctha bailte agus i dtionscadail na sochaí sibhialta, agus ar an gcaoi sin coinníollacha a chruthú le haghaidh cur chuige feabhsaithe ó bhun aníos níos láidre agus rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a chothú;

(9) rannpháirtíocht ghníomhach agus chuimsitheach i dtógáil an Aontais a spreagadh agus a éascú, arb Aontas é atá níos daonlathaí, chomh maith le feasacht a ardú maidir le cearta agus luachanna trí thacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta;

(10) cur le cumas na ngréasán Eorpach dlí an Aontais, luachanna, spriocanna beartais agus straitéisí a chur chun cinn agus a fhorbairt a thuilleadh;

(11) maoiniú don tacaíocht theicniúil agus eagrúcháin chun Rialachán (AE) 2019/788 a chur chun feidhme, ionas go gcuirtear bonn faoi fheidhmiú a gceart ag saoránaigh chun tionscnaimh Eorpacha ó shaoránaigh a sheoladh agus tacú leo;

(12) feabhas a chur leis an eolas ar an gclár agus ar scaipeadh agus in-aistritheacht a thorthaí; agus for-rochtain a chothú, lena n-áirítear trí phointí teagmhála an Chláir a chur ar bun agus tacú leo;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuairime, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Centre for reproductive rights End FGM European Network Equipop European Disability Forum (EDF) European Lesbian Community (EL*C) European Parliamentary Forum for Sexual & Reproductive Rights (EPF) Forbidden Colours International Planned Parenthood Federation (IPPF) Organisation Intersex International Europe e.V. (OII Europe) RECLAIM The European Roma Rights Centre (ENAR) The International Lesbian, Gay, Bisexual, Transgender, Queer & Intersex (LGBTQI) Youth & Student Organisation (IGLYO) Transgender Europe (TGEU) Women Against Violence Europe Network (WAVE)
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	An clár ‘AgoraEU’ don tréimhse 2028-2034 a bhunú, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818
Tagairtí	COM(2025)0550 – C10-0173/2025 – 2025/0550(COD)
Coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	CULT LIBE 23.10.2025 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	FEMM 23.10.2025
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Mélissa Camara 27.1.2026
Pléite sa choiste	24.3.2026 5.5.2026
Dáta an ghlactha	23.6.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 28 –: 9 0: 0

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

28	+
PPE	Csaba Bogdán, Michalis Hadjipantela, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Eleonora Meleti, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Michał Wawrykiewicz
TdE	Mélanie Disdier, Séverine Werbrouck
Renew	Abir Al-Sahlani, Valérie Devaux, Jana Toom, Lucia Yar
S&D	Sofie Eriksson, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Hana Jalloul Muro, Matjaž Nemec, Joanna Scheuring-Wielgus, Cecilia Strada, Marko Vešligaj
Páirtí na Clé	Hanna Gedin, Irene Montero, Carolina Morace
Na Glasaigh/SCE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

9	-
ECR	Chiara Gemma, Bert-Jan Ruissen, Jessika van Leeuwen
ENC	Irmhild Boßdorf
Feisirí Neamhcheangailte	Judita Laššáková
PPE	Miriam Lexmann
TdE	Elisabeth Dieringer, Viktória Ferenc, Margarita de la Pisa Carrión

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh